

FOILSEÁN A

1. Apple mar Ghníomhaire

Ceapann Tú Apple Canada, Inc. ("Apple Canada") mar Do ghníomhaire chun Feidhmchláir Shaincheaptha agus Cheadúnaithe ag Úsáideoirí Deiridh atá lonnaithe sa réigiún seo a leanas a mhargú agus a íoslódáil:

Ceanada

Ceapann Tú Apple Pty Limited ("APL") mar Do ghníomhaire chun na Feidhmchláir Shaincheaptha agus Cheadúnaithe ag Úsáideoirí Deiridh atá lonnaithe sa réigiún seo a leanas a mhargú agus a íoslódáil:

An Astráil
An Nua-Shéalainn

Ceapann Tú Apple Inc. mar Do ghníomhaire de bhun Chód Sibhialta California §§ 2295 *et seq.* chun na Feidhmchláir Shaincheaptha agus Cheadúnaithe ag Úsáideoirí Deiridh atá lonnaithe sa réigiún seo a leanas a mhargú agus a íoslódáil:

Na Stáit Aontaithe

Ceapann Tú Apple Services LATAM LLC mar Do ghníomhaire de bhun Chód Sibhialta California §§ 2295 *et seq.* chun na Feidhmchláir Shaincheaptha agus Cheadúnaithe ag Úsáideoirí Deiridh atá lonnaithe sna réigiúin a shainaithnítear thíos a mhargú agus a íoslódáil, arna nuashonrú go tréimhsiúil tríd an suíomh App Store Connect:

An Airgintín*	Barbadós	Na Bahámaí	Peiriú*
An Bheilís	Beirmiúda	Nicearagua*	Saint Lucia
An Bholáiv*	Cósta Ríce*	Oileáin Bhriotanacha	San Críostóir-
An Bhrasaíl*	Doiminice	na Maighdean	Nimheas
An Cholóim*	Eacuadór*	Oileáin Cayman	San Uinseann agus
An Ghuáin	Greanáda	Oileáin na dTurcach	na Greanáidíní
An Phoblacht Dhoiminiceach*	Guatamala*	agus Caicos	Suranam
An tSalvadóir*	Hondúras*	Oileán na Tríonóide	Uragua
An tSile*	Iamáice	agus Tobága	Veiniséala*
Angaile	Meicsiceo*	Panama*	
Antigua agus Barbúda	Montsarat	Paragua*	

*Níl Feidhmchláir Shaincheaptha ar fáil ach sna réigiúin seo.

Ceapann Tú iTunes KK mar ghníomhaire de bhun Airteagal 643 de Shibhialta na Seapáine chun na Feidhmchláir Shaincheaptha agus Cheadúnaithe ag Úsáideoirí Deiridh atá lonnaithe sa réigiún seo a leanas a mhargú agus a íoslódáil:

An tSeapáin

2. Apple mar Choimisinéir

Ceapann Tú Apple Distribution International Ltd mar choimisinéir chun na Feidhmchláir Shaincheaptha agus Cheadúnaithe ag Úsáideoirí Deiridh atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas a mhargú agus a íoslódáil, arna nuashonrú go tréimhsiúil tríd an suíomh App Store Connect. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn "coimisinéir" gníomhaire a airbheartaíonn gníomhú thar a gceann féin agus a dhéanann comhaontuithe ina n-ainm féin ach a ghníomhaíonn thar ceann daoine eile, mar a aithnítear go ginearálta i gcuid mhór córas dlí um an Dlí Sibhialta.

AEA*	An Iodáil*	An tSiombáib	Montainéagró
An Afganastáin	An Iordáin	An tSlóivéin*	Mósaimbíc
An Afraic Theas	An Iorua*	An tSlóvaic*	Na hOileáin
An Ailgéir	An Íoslainn*	An tSualainn*	Philipíneacha*
An Airméin	An Ísiltír*	An tSuasalainn	Na Séiséil
An Albáin	An Libéir	An Túinéis	Nárú
An Araib Shádach*	An Libia	An Tuirc*	Neipeal
An Asarbaiseáin	An Liobáin	An Tuircméanastáin	Nua-Ghuine
An Bhealarúis	An Liotuáin*	An Úcráin*	Phapua
An Bheilg*	An Mhacadóin	An Úisbéiceastáin	Oileáin Mhaidíve
An Bhoisnia agus	An Mhalaeisia*	An Ungáir	Oileáin Palau
An Heirseagaivéin	An Mhaláiv	Angóla	Oileáin Sholaimh
An Bhotsuáin	An Mháratáin	Bairéin*	Oileáin Mhuirís
An Bhulgáir*	An Mholdóiv	Beinin	Óman
An Bhútáin	An Mhongóil	Brúiné	Poblacht an
An Chambóid	An Namaib	Buircíne Fasó	Chongó
An Chasacstáin	An Nigéir	Camarún	Poblacht
An Chéinia	An Nígir	Cape Verde	Dhaonlathach
An Chipir*	An Ostair	Catar*	an Chongó
An Chirgeastáin	An Phacastáin	Cuáit	Poblacht Mháilta*
An Chóiré*	An Pholainn	Éimin	Poblacht na Seice
An Chosaiv	An Phortaingéil	Éire*	Ruanda
An Chróit	An Ríocht	Fidsí	São Tomé
An Cósta Eabhair	Aontaithe*	Gána	e Principe
An Danmhairg*	An Rómáin*	Guine Bissau	Sead
An Eastóin*	An Rúis*	Hong Cong*	Siarra Leon
An Éigipt*	An Spáinn*	India	Singeapór*
An Eilvéis*	An Táidsíceastáin	Iosrael*	Srí Lanca
An Fhionlainn*	An Tansáin	Laitvia*	Stáit Chónaidhme
An Fhrainc*	An Téalainn*	Laos	na Micrinéise
An Ghabúin	An Téaváin*	Lucsamburg*	Tonga
An Ghaimbia	An tSaimbia	Macau	Uganda
An Ghearmáin*	An tSeineagáil	Madagascar	Vanuatú
An Ghréig*	An tSeirbia	Maenmar	Vítneam*
An Iaráic	An tSeoirsia	Mailí	
An Indinéis	An tSín*	Maracó	

*Níl Feidhmchláir Shaincheaptha ar fáil ach sna réigiúin seo.

FOILSEÁN B

1. Má tá feidhm ag cánacha, baileoidh agus tarchuirfidh Apple chuig na húdaráis chánach inniúla na cánacha a thuairiscítear in Alt 3.2 de Sceideal 2 chun na Feidhmchláir Cheadúnaithe a dhíol le hÚsáideoirí Deiridh agus in Alt 3.2 de Sceideal 3 chun na Feidhmchláir Shaincheaptha a dhíol leis na Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha atá lonnaithe sna réigiúin seo a leanas, arna nuashonrú ó am go ham tríd an suíomh App Store Connect:

An Afraic Theas	An Fhionlainn	An Táidsíceastáin**	Bhoisnia agus
An Airméin	An Fhrainc	An Tansáin	Heirseagaivéin
An Albáin	An Ghearmáin	An Téalainn**	Camarún
An Araib Shádach	An Ghréig	An Téaváin	Ceanada
An Astráil	An Indinéis**	An tSaimbia	Éire
An Bhealarúis	An Iodáil	An tSeirbia	Gána
An Bheilg	An Iorua	An tSeoirsia	India
An Bhulgáir	An Íoslainn	An tSile	Lucsamburg
An Chambóid**	An Ísiltír	An tSín*	Meicsiceo****
An Chasacstáin	An Laitvia	An tSiombáib	Na Bahámaí
An Chéinia	An Liotuáin	An tSlóivéin	Na Stáit Aontaithe
An Chipir	An Mhalaeisia	An tSlóvaic	Neipeal
An Chirgeastáin**	An Mholdóiv	An tSualainn	Óman
An Chóiré**	An Nigéir	An Tuirc	Poblacht Mhála
An Cholóim	An Nua-Shéalainn	An Úcráin	Poblacht na Seice
An Chosaiv	An Ostair	An Úisbéiceastáin**	Singepór**
An Chróit	An Pholainn	An Ungáir	Suranam
An Cósta Eabhair	An Phortaingéil	Aontas na nÉimíróchtaí	Uganda
An Danmhairg	An Ríocht Aontaithe	Arabacha	Uragua†
An Eastóin	An Rómáin	Bairéin	Vítneam
An Éigipt	An Rúis***	Barbadós	
An Eilvéis	An Spáinn	Beinin	

* Ach amháin i gcás cánacha áirithe atá le bailiú de réir mar a éilíonn rialtas na Síne, ní bhaileoidh ná ní tharchuirfidh Apple cánacha ná tobhaigh bhreise sa tSín. Tuigeann Tú agus comhaontaíonn Tú gur Tusa amháin a bheidh freagrach as aon cháin a bhailiú agus a chur ar aghaidh de réir mar a cheanglaítear leis an dlí áitiúil.

** Infheidhme go heisiach maidir le Forbróirí neamhchónaitheacha. Ní bhaileoidh ná ní tharchuirfidh Apple cánacha d'Fhorbróirí áitiúla, agus is iad na forbróirí sin amháin a bheidh freagrach as bailiú agus tarchur na gcánacha sin de réir mar a cheanglaítear leis an dlí áitiúil. Chun na coimisiúin a bhfuil Apple ina dteideal ó Fhorbróirí áitiúla amháin a chinneadh, déanfaidh Apple meastachán ar an méid CBL bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn Forbróirí áitiúla dá roghnú catagóire cánach. Bainfear an cháin mheasta ón bpraghas is iníoctha ag Úsáideoirí Deiridh ar Fheidhmchláir Cheadúnaithe sula ríomhfar coimisiún Apple.

*** Is infheidhme go heisiach maidir le forbróirí neamhchónaitheacha. Ní bhaileoidh ná ní tharchuirfidh Apple cánacha d'Fhorbróirí áitiúla, agus is iad na forbróirí sin amháin a bheidh freagrach as bailiú agus tarchur na gcánacha sin de réir mar a cheanglaítear leis an dlí áitiúil.

**** Is infheidhme go heisiach maidir le Forbróirí nach bhfuil cláraithe leis na húdaráis chánach áitiúla chun críocha CBL i Meicsiceo. Maidir le Forbróirí atá cláraithe chun críocha CBL i Meicsiceo, baileoidh agus seolfaidh Apple (i) an méid iomlán CBL chuig corparáidí áitiúla agus cónaitheoirí eachtracha, agus (ii) an méid CBL is infheidhme do dhaoine áitiúla agus an méid CBL atá fágtha chuig na húdaráis chánach áitiúla, de réir an dlí áitiúil. Beidh forbróirí freagrach as CBL den sórt sin a thabhairt d'údaráis chánach inniúla de réir mar a cheanglaítear leis an dlí áitiúil.

† Ach amháin i gcás cánacha áirithe ar idirbhearta digiteacha nach mór do Apple a bhailiú de réir mar a cheanglaítear ar rialtas Uragua, ní bhaileoidh ná ní tharchuirfidh Apple cánacha ná tobhaigh bhreise in Uragua. Tuigeann Tú agus comhaontaíonn Tú go mbeidh Tusa freagrach go hiomlán as aon cháin a fhorchuirtear ar Do thuilleamh a bhailiú agus a tarchur de réir mar a cheanglaítear leis an dlí áitiúil.

2. Ní bhaileoidh agus ní tharchuirfidh Apple na cánacha a thuairiscítear in Alt 3.2 de Sceideal 2 chun Feidhmchláir Cheadúnaithe a dhíol le hÚsáideoirí Deiridh agus in Alt 3.2 de Sceideal 3 chun Feidhmchláir Shaincheaptha a dhíol le Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha atá lonnaithe sna réigiúin nach bhfuil liostaithe thuas in Alt 1 de Fhoilseán B. Is Tusa amháin a bheidh freagrach as cibé cánacha a bhailiú agus a chur ar aghaidh de réir mar a cheanglaítear leis an dlí áitiúil.

FOILSEÁN C

1. AN ASTRÁIL

1.1 Ginearálta

- (a) Tá an bhrí chéanna ag na téarmaí a shainmhínítear san Acht um an gCóras Cánach Nua (Cáin Earraí agus Seirbhísí) 1999 ("Acht GST") nuair a úsáidtear iad san Alt seo, Alt 1.
- (b) Beidh Alt 1 den Fhoilseán C is infheidhme fiú tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

1.2 Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh san Astráil

Sa chás go n-ainmníonn Tú APL chun rochtain ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a cheadú d'Úsáideoirí Deiridh san Astráil:

1.2.1 Slánóidh tú agus sealbhóidh tú Apple díolmhaithe ó aon éileamh agus gach éileamh ón gCoimisinéir Cánachas ("Coimisinéir") as neamhíocaíocht nó gearríocaíocht GST faoin *Acht 1999 - Córas Nua Cánach (Cáin Earraí agus Seirbhísí) ("Acht GST")* agus le haghaidh aon phionós agus/nó ús orthu. Ina theannta sin, slánóidh Tú agus coinneoidh Tú Apple neamhdhíobhálach i gcoinne aon phionós a fhorchuirfidh an Coimisinéir as mainneachtain clárú le haghaidh GST san Astráil.

1.2.2 Cáin Earraí agus Seirbhísí (GST)

(a) Ginearálta

- (i) Baineann an tAlt 1.2 seo d'Fhoilseán C le soláthairtí a dhéanann Tú, trí APL, mar ghníomhaire, d'Úsáideoirí Deiridh san Astráil faoi Sceideal 2 agus Sceideal 3. Tá an bhrí chéanna ag na téarmaí a shainmhínítear in Acht GST nuair a úsáidtear iad san Alt seo, Alt 1.2.
- (ii) Mura luaitear a mhalairt go sainráite, rinneadh aon suim is iníoctha nó aon mhéid a úsáideadh le linn suim is iníoctha faoi Sceideal 2 agus Sceideal 3 a ríomh a chinneadh gan aird a thabhairt ar GST agus ní mór í a mhéadú de bharr aon GST is iníoctha faoin Alt 1.2 seo.
- (iii) Má tá aon GST iníoctha ar aon soláthar inchánach a dhéanann soláthraí faoi Sceideal 2 agus Sceideal 3 d'fhaighteoir, ní mór don fhaighteoir an GST a íoc leis an soláthraí ag an am céanna agus ar an mbealach céanna a sholáthraíonn sé aon chomaoin airgeadaíochta. Chun amhras a sheachaint, áirítear leis seo aon chomaoin airgeadaíochta a asbhaineann APL mar choimisiún de réir Alt 3.4 de Sceideal 2 agus Alt 3.4 de Sceideal 3.
- (iv) Áireofar leis an méid is inghnóthaithe mar gheall ar GST faoin gclásal seo le APL aon fhíneáil, pionós, ús agus muirear eile.
- (v) Beidh Alt 1 den Fhoilseán C is infheidhme fiú tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

(b) Forbróirí Cónaithe na hAstráile

Má tá Tú i do chónaí san Astráil, ansin:

- (i) Is coinníoll de Sceideal 2 agus Sceideal 3 é go bhfuil Uimhir Gnó na hAstráile ("ABN") agat agus go bhfuil tú cláraithe le haghaidh GST nó gur chuir tú iarratas isteach don Choimisinéir le dáta éifeachtach clárúcháin GST nach bhfuil níos moille ná an dáta i Sceideal 2 agus Sceideal 3 chun clárú le haghaidh GST. Cuirfidh tú fianaise shásúil ar fáil do Apple ar do chlárú ABN agus GST

(trí mheán cóip de Do chláirúchán GST nó asphrionta ó Chlár Gnó na hAstráile a uaslódáil chuig Apple, trí úsáid a bhaint as an suíomh App Store Connect) laistigh de 30 lá ó Sceideal 2 agus Sceideal 3. Tugann Tú barántas go gcuirfidh Tú Apple ar an eolas má scoireann Tú de ABN bailí a bheith agat nó de bheith cláraithe le haghaidh GST.

- (ii) Comhaontaíonn Tusa agus APL socrú a dhéanamh chun críocha alt 153-50 den Acht GST. Thairis sin comhaontaíonn Tú agus APL an méid a leanas, maidir le soláthairtí incháinthe a dhéanann Tú, trí APL mar ghníomhaire, d'aon Úsáideoir Deiridh:
 - (A) Measfar go soláthraíonn APL soláthairtí d'aon Úsáideoir Deiridh;
 - (B) Measfar go bhfuil soláthairtí comhfhreagracha ar leithligh á ndéanamh Agat do APL;
 - (C) Eiseoidh APL gach sonrasc cánach agus aon nóta oiriúnaithe a bhaineann le soláthairtí arna ndéanamh faoi Alt 1.2.2(b)(ii)(A) d'aon Úsáideoir Deiridh, in ainm an APL féin;
 - (D) Ní eiseoidh Tú aon sonrasc cánach ná aon nóta oiriúnaithe a bhaineann le soláthairtí inchánacha arna ndéanamh faoi Alt 1.2.2(b)(ii)(A);
 - (E) Eiseoidh APL sonrasc cánach a chruthaigh faighteoir Duit maidir le haon soláthar inchánach a rinne Tú do APL faoi Sceideal 2 agus Sceideal 3, lena n-áirítear soláthairtí inchánacha arna ndéanamh faoi Alt 1.2.2(b)(ii)(B); agus
 - (F) Ní eiseoidh Tú sonrasc cánach do APL maidir le haon soláthar inchánach a rinne Tú do APL faoi Sceideal 2 agus Sceideal 3, lena n-áirítear soláthairtí inchánacha arna ndéanamh faoi Alt 1.2.2(b)(ii)(B).

(c) Forbróirí Neamhchónaitheacha

Mura bhfuil Tú i do chónaí san Astráil, ansin:

- (i) Aontaíonn Tú agus APL go ndéileálfadh APL le gach soláthar a dhéanann Tú trí APL mar Do ghníomhaire d'Úsáideoirí Deiridh san Astráil mar "soláthairtí doláimhsithe isteach do thomhaltóirí" (mar a shainmhínítear san Acht GST) a dhéantar trí APL;
- (ii) Eiseoidh APL gach sonrasc cánach agus aon nóta oiriúnaithe a bhaineann le soláthairtí inchánacha a rinne Tú trí APL mar Do ghníomhaire d'aon Úsáideoir Deiridh, in ainm an APL féin; agus
- (iii) Ní eiseoidh Tú aon sonrasc inchánach ná aon nóta oiriúnaithe a bhaineann le soláthairtí inchánacha a rinne Tú trí APL mar Do ghníomhaire d'Úsáideoir Deiridh.

1.3 Forbróirí na hAstráile - Seachadadh Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha lasmuigh den Astráil

Má tá Tú i do chónaí san Astráil agus má cheapann Tú Apple mar Do ghníomhaire nó mar choimisinéir chun na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha ag Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha atá lonnaithe lasmuigh den Astráil a mhargú agus a íoslódáil is coinníoll den chonradh seo é go ndeimhníonn Tú go bhfuil Uimhir Ghnó na hAstráile agat ("ABN") agus go bhfuil tú cláraithe le haghaidh GST faoin Acht um an gCóras Cánach Nua (An tAcht um Cháin Earraí agus Seirbhísí 1999 ("Acht GST")). Cuirfidh tú fianaise shásúil ar fáil do Apple ar do chláirú ABN agus GST (trí mheán cóip de Do chláirúchán GST nó asphrionta ó Chlár Gnó na hAstráile a uaslódáil chuig Apple, trí úsáid a bhaint as an suíomh App Store Connect) laistigh de 30 lá ó Sceideal 2 agus Sceideal 3. Tugann Tú barántas go gcuirfidh Tú Apple ar an eolas má scoireann Tú de ABN bailí a bheith agat nó de bheith cláraithe le haghaidh GST.

2. AN BHRASAÍL

Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sa Bhrasaíl

Sa chás go n-ainmníonn Tú Apple Services LATAM LLC chun rochtain ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a cheadú d'úsáideoirí deiridh agus do Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sa Bhrasaíl:

(A) Ginearálta

2.1 Admhaíonn Tú agus comhaontaíonn Tú go bhfuil Tú freagrach as: (i) aon dliteanas maidir le cánacha indíreacha (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do chánacha earraí agus seirbhísí), maidir le seachadadh D'Fheidhmchlár Cheadúnaithe agus Saincheaptha thar Do cheann chuig Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha ag Apple; (ii) tuairisceáin chánach indíreacha a chomhdú agus cánacha indíreacha a íoc le rialtas na Brasaíle, más infheidhme; agus (iii) cinneadh neamhspleách a dhéanamh, nó l gcomhairle le Do chomhairleoir cánach féin, maidir le Do stádas cáinócóra agus oibleagáidí íocaíochta cánach chun críocha cánach indíreacha.

2.2 Údaraíonn Tú, toilíonn Tú, agus admhaíonn Tú go bhféadfaidh Apple tríú páirtí a úsáid sa Bhrasaíl, fochuideachta Apple agus/nó díoltóir tríú páirtí (an "tEintiteas Bailithe") a úsáid, chun aon mhéid a bhailiú ó Úsáideoirí Deiridh nó ó Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha maidir leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe nó Shaincheaptha agus méideanna den sórt sin a tharchur as an mBrasaíl chuig Apple chun go bhféadfar D'fháltais a tharchur chugat.

2.3 A mhéid atá cánacha siarchoinneálacha infheidhme maidir le seoltáin as an mBrasaíl de na praghsanna is iníochta ag Úsáideoirí Deiridh nó ag Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha le haghaidh na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe nó Saincheaptha, bainfidh an tEintiteas Bailithe méid iomlán na cánach siarchoinneála sin ón méid comhlán atá dlite Duit ag Apple agus íocfaidh Tú an méid a choinnítear siar le húdaráis chánach inniúla na Brasaíle i D'ainm. Bainfidh an tEintiteas Bailithe úsáid as iarrachtaí praiticiúla tráchtála chun na foirmeacha cánach siarchoinneálacha faoi seach a eisiúint, a chuirfidh Apple ar fáil Duit mar a fhoráiltear i ndlí cánach na Brasaíle. Is Tusa amháin atá freagrach as aon doiciméadacht bhreise a sholáthar a theastaíonn ó na húdaráis chánach l Do réigiún ionas go mbeidh tú in ann aon chreidmheas cánach eachtrach a éileamh, más infheidhme.

(B) Forbróirí Neamhchónaitheacha

2.4 Mura bhfuil Tú i Do chónaí sa Bhrasaíl agus a mhéid a bhfuil cánacha siarchoinneálacha infheidhme maidir le seoltáin as an mBrasaíl den mhéid comhlán atá dlite Duit, féadfaidh Tú Do dheimhniú réigiúin chónaithe nó doiciméadacht choibhéiseach a sholáthar do Apple chun ráta laghdaithe cánach siarchoinneálach a éileamh faoi chonradh cánach ioncaim infheidhme atá i bhfeidhm idir Do réigiún cónaithe agus an Bhrasaíl. Ní chuirfidh an tEintiteas Bailithe ráta laghdaithe cánach iarrchoimeáda i bhfeidhm, más ann dó, mar a fhoráiltear sa chonradh cánach ioncaim is infheidhme idir Do réigiún cónaithe agus an Bhrasaíl, ach amháin tar éis duit an doiciméadacht a sholáthar do Apple mar a cheanglaítear faoin gconradh cánach ioncaim sin nó atá sásúil ar shlí eile do Apple, ar leor é chun Do theidlíocht ar an ráta laghdaithe cánach siarchoinneálach sin a bhunú. Admhaíonn Tú nach dtiocfaidh an ráta laghdaithe i bhfeidhm ach amháin tar éis do Apple an deimhniú cónaithe cánach nó doiciméadacht chomhionann a chuir Tú ar fáil a cheadú agus a ghlacadh. D'ainneoin alt 3.3 de Sceideal 2 agus alt 3.3 de Sceideal 3, más rud é go dtarchuirfead Do chistí as an mBrasaíl sula bhfaighidh agus sula gceadóidh Apple an doiciméadacht chánach sin, féadfaidh an tEintiteas Bailithe an méid iomlán cánach siarchoinneálach nár laghdaíodh le haon chonradh cánach a choinneáil siar agus a tharchur chuig na húdaráis chánach inniúla, agus ní aisíocfaidh Apple leat aon mhéid de na cánacha sin a coinníodh siar agus a tarchuireadh.

Déanfaidh Tú Apple agus an tEintiteas Bailithe a shlánú agus a choinneáil neamhdhíobhálach i gcoinne aon éileamh agus gach éileamh ó aon údarás cánach inniúil as aon ghearríocaíocht ar aon iarchoimeád nó cánacha comhchosúla den sórt sin, agus aon phionós agus/nó ús orthu, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, gearríocaíochtaí atá inchurtha i leith aon éilimh nó uiríoll earráideach Uait maidir le Do theidlíocht ar, nó Do dhícháiliú iarbhir, ar mhaithe le ráta laghdaithe um cháin shiarchoinneálach.

(C) Forbróirí Cónaitheacha

2.5 Más cónaitheoir sa Bhrasaíl Tú, ní mór duit Do chuntas a nuashonrú le D'uimhir cáinócóra Brasaíleach (CNPJ nó CPF, de réir mar is infheidhme). Admhaíonn Tú, trí gan D'uimhir cháinócóra na Brasaíle faoi seach a sholáthar, go bhféadfar D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a bhaint de Shiopa na Brasaíle go dtí go gcuirfear D'uimhir cháinócóra na Brasaíle ar fáil.

3. CEANADA

Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh i gCeanada

Más cónaitheoir i gCeanada Tú, ní mór Duit Do chuntas a chur leis nó a nuashonrú le D'uimhir GST/HST Ceanada. Más cónaitheoir in Québec Tú, ní mór Duit freisin Do chuntas a chur leis nó a nuashonrú le D'uimhir QST Québec.

Sa chás go n-ainmníonn Tú Apple Canada chun rochtain ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a cheadú d'Úsáideoirí Deiridh i gCeanada tá feidhm ag an méid seo a leanas:

3.1 Ginearálta

Déanfaidh Tú Apple a shlánú agus a shealbhú neamhdhíobhálach i gcoinne aon éilimh agus gach éileamh ó Ghníomhaireacht Ioncaim Ceanada (an "GRA"), Ministère du Revenu du Québec (an "MRQ") agus ó údarás chánach aon chúige a bhfuil cáin dhíolachán miondíola cúige aige ("PST") mar gheall ar aon mhainneachtan aon mhéid earraí agus seirbhísí cánach/cáin díolacháin chomhchuíbhithe ("GST/HST") a íoc, a bhailiú nó a tharchur a fhorchuirtear faoin Acht um Cháin Mháil (Ceanada) (An "ETA"), Cáin Díolacháin Québec ("QST") nó PST agus aon phionós agus/nó ús orthu i dtaca le haon soláthar a dhéanann Apple thar Do cheann d'Úsáideoirí Deiridh i gCeanada agus aon soláthar a dhéanann Apple Canada Duit.

3.2 GST/HST

(a) Tá Alt 3.2 d'Fhoilseán C is infheidhme maidir le soláthairtí a rinne Tú, trí Apple Canada, mar ghníomhaire d'Úsáideoirí Deiridh i gCeanada. Tá an bhrí chéanna ag na téarmaí a shainmhínítear in ETA nuair a úsáidtear iad san Alt 3.2 seo. Tá Apple Canada cláraithe chun críocha GST/HST, le hUimh Chlárúcháin GST/HST Uimh. R100236199.

(b) Más cónaitheoir i gCeanada Thú nó más neamhchónaitheoir i gCeanada Thú a gceanglaítear Ort clárú chun críocha GST/HST de bhun ETA, is coinníoll de chuid Sceideal 2 agus Sceideal 3 é, go bhfuil Tú cláraithe le haghaidh GST/HST nó gur chuir tú iarratas isteach chun clárú le haghaidh GST/HST chuig an CRA le dáta cláraithe éifeachtach GST/HST tráth nach déanaí ná dáta Sceideal 2 agus Sceideal 3. Cuirfidh Tú fianaise shásúil ar fáil do Apple Canada ar Do chlárúcháin GST/HST (*m.sh.*, cóip de Do litir dheimhnithe CRA nó asphrionta ó Chlárlann GST/HST ar shuíomh gréasáin an CRA) ar iarratas ó Apple Canada. Tugann Tú barántas go gcuirfidh Tú Apple Canada ar an eolas má stopann Tú de bheith cláraithe le haghaidh GST/HST.

(c) Má tá Tú cláraithe chun críocha GST/HST, comhaontaíonn Tú, trí Sceideal 2 agus Sceideal 3 a fhorghníomhú, (i) dul isteach sa toghchán de bhun fho-alt 177(1.1) den ETA go ndéanfaidh Apple Canada an GST/HST ar dhíolacháin Feidhmchlár Cheadúnaithe agus Saincheaptha a dhéantar le hÚsáideoirí Deiridh i gCeanada thar Do cheann, a bhailiú, a chur san áireamh agus a tharchur agus go bhfuil Foirm GST506

(lena n-áirítear an uimhir chláráithe GST/HST bailí a iontráil) arna comhlánú, arna síniú agus arna seoladh ar ais chuig Apple Canada Agat (inrochtana ar an suíomh App Store Connect); agus (ii) admhaíonn Tú go mbainfidh Apple as do sheoltán an GST/HST agus QST Ceanada is infheidhme, bunaithe ar Do sheoladh i gCeanada, ar an gcoimisiún is iníoctha Agatsa le Apple.

(d) Mura bhfuil Tú cláráithe chun críocha GST/HST, trí Sceideal 2 agus Sceideal 3 a fhorghníomhú, agus gan Foirm GST506 a chomhlánú, a shíniú ná a sheoladh ar ais chuig Apple Canada, deimhníonn Tú (i) nach bhfuil Tú cláráithe chun críocha GST/HST; (ii) deimhníonn Tú nach bhfuil Tú i do chónaí i gCeanada agus nach ndéanann Tú gnó i gCeanada chun críocha an ETA; (iii) admhaíonn Tú go ndéanfaidh Apple Canada GST/HST a mhuirearú, a bhailiú agus a chur ar ais ar dhíolacháin Feidhmchlár Ceadúnaithe agus Saincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh i gCeanada a rinneadh thar Do cheann; (iv) admhaíonn Tú nach bhfuil an coimisiún is iníoctha Agatsa le Apple Canada nialas-rátaithe chun críocha GST/HST (*i.e.*, is é 0% an ráta GST/HST); agus (v) comhaontaíonn Tú go slánóidh Tú Apple maidir le haon GST/HST, ús agus pionós a mheasúnófar I gcoinne Apple Canada má chinntear gur cheart Duit a bheith cláráithe chun críocha GST/HST sa mhéid is go raibh na táillí coimisiúin a ghearr Apple Canada faoi réir GST/HST.

3.3 Cáin díolacháin Québec

Tá an bhrí chéanna ag na téarmaí a shainmhínítear in Acht um Cháin Díolacháin Québec (an "QSTA") nuair a úsáidtear iad san Alt 3.3 seo d'Fhoilseán C.

(a) Más cónaitheoir in Québec Thú, is coinníoll de Sceideal 2 agus Sceideal 3 é, go bhfuil tú cláráithe le haghaidh QST nó gur chuir tú iarratas isteach chun clárú le haghaidh QST chuig an MRQ le dáta cláráithe QST éifeachtach tráth nach déanaí ná dáta Sceideal 2 agus Sceideal 3. Cuirfidh Tú fianaise shásúil ar fáil do Apple Canada ar Do chlárúchán QST (*m.sh.*, cóip de Do litir dheimhnithe MRQ nó asphrionta ó Chlárlann QST ar shuíomh géasáin MRQ) ar iarratas ó Apple Canada. Tugann tú barántas go gcuirfidh Tú Apple Canada ar an eolas má stopann Tú de bheith cláráithe le haghaidh QST.

(b) Más cónaitheoir in Québec Thú, trí Sceideal 2 agus Sceideal 3 a fhorghníomhú, (i) deimhníonn Tú go bhfuil Tú cláráithe le haghaidh QST; (ii) aontaíonn Tú dul isteach sa toghchán de bhun Alt 41.0.1 den QSTA ionas gur féidir le Apple Canada QST a bhailiú, a chur i gcuntas agus a chur faoi chúram maidir le díolachán Feidhmchlár Ceadúnaithe agus Saincheaptha le hÚsáideoirí Deiridh in Québec a dhéantar ar Do shon, agus go bhfuil an Fhoirm FP2506-V comhlánaithe agat (lena n-áirítear a uimhir chláráithe QST bailí a chur isteach), sínithe agus seolta ar ais chuig Apple Canada; agus (iii) admhaíonn Tú nach ndéanfaidh Apple Canada muirear, bailiú nó cúram do QST maidir le díolachán Feidhmchlár Ceadúnaithe agus Saincheaptha a dhéantar ar Do shon le hÚsáideoirí Deiridh atá lonnaithe lasmuigh de Québec ar an mbonn tuisceana nach bhfuil cónaí ar na hÚsáideoirí Deiridh in Québec agus nach bhfuil siad cláráithe chun críocha QST ionas go mbeidh na díolacháin ar ráta nialasach chun críocha QST.

(c) Mura bhfuil Tú i do chónaitheoir in Québec, trí Sceideal 2 agus Sceideal 3 a fhorghníomhú, agus gan an Fhoirm FP2506-V a chomhlánú, a shíniú agus a sheoladh ar ais chuig Apple Canada, (i) deimhníonn Tú nach bhfuil tú i do chónaitheoir in Québec; (ii) deimhníonn Tú nach bhfuil bunaíocht bhuan agat in Québec; agus (iii) admhaíonn Tú go ndéanfaidh Apple muirear, bailiú agus cúram ar QST ar dhíolacháin a dhéantar ar Do shon d'Fheidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh in Québec.

3.4 PST

Baineann an tAlt 3.4 seo d'Fhoilseán C le soláthairtí Feidhmchlár Ceadúnaithe agus Saincheaptha a rinne Tú, trí Apple Canada, mar ghníomhaire, d'Úsáideoirí Deiridh in aon chúige ina bhfuil PST aige nó a ghlacann PST. Admhaíonn Tú agus comhaontaíonn Tú go bhféadfaidh Apple Canada PST is infheidhme a ghearradh, a bhailiú agus a tharchur ar dhíolacháin Feidhmchlár Ceadúnaithe agus Saincheaptha a dhéanann Apple Canada le hÚsáideoirí Deiridh i gcúigí den sórt sin thar Do cheann.

4. AN tSILE

Forbróirí na Sile - Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha laistigh nó lasmuigh den tSile

Más cónaitheoir sa tSile tú, cuirfidh Apple CBL i bhfeidhm ar an gcoimisiún is iníoctha Agat le Apple le hasbhaint ó Do sheoltán, de bhun rialacháin chánach na Sile, mura ndeimhníonn Tú gur cáinócóir CBL Tú sa réigiún sin agus mura soláthraíonn Tú cruthúnas ar do stádas CBL.

5. AN tSEAPÁIN

(A) Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh sa tSeapáin

Sa chás go n-ainmníonn Tú iTunes KK chun rochtain ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a cheadú d'úsáideoirí deiridh sa tSeapáin:

5.1 Deimhníonn Tú agus aontaíonn Tú gurb Tusa amháin atá freagrach as: (i) dliteanas aschuir cánach tomhaltais, más ann dó, maidir le Do chuid Feidhmchlár Cheadúnaithe agus/nó Saincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh a sheachadadh thar Do cheann ag iTunes KK; (ii) tuairisceáin chánach tomhaltais a chomhdú agus cáin tomhaltais a íoc le rialtas na Seapáine, más infheidhme; agus (iii) cinneadh neamhspleách a dhéanamh, i gcomhairle le Do chomhairleoir cánach féin, maidir le Do stádas cáinócóra agus oibleagáidí íocaíochta cánach, agus do riarthóir cánach féin a cheapadh chun críocha cánach tomhaltais. Má iarrann údarás cánach na Seapáine ar iTunes KK mar do riarthóir cánach sa tSeapáin do chánacha a bhailiú, a íoc nó a chomhdú sa tSeapáin, ní bheidh iTunes KK in ann cabhrú leat agus comhaontaíonn tú go gceapfaidh tú do riarthóir cánach féin a luaithe is féidir. Ní fhéadfar D'íocaíocht seoltáin faoi alt 3.5 de Sceideal 2 agus faoi alt 3.5 de Sceideal 3 a dhéanamh le haghaidh d'Fheidhmchláir Cheadúnaithe nó Shaincheaptha is infheidhme go dtí go gceapfaidh Tusa do riarthóir cánach féin.

5.2 Áireofar cáin tomhaltais sna coimisiúin a ghearrann iTunes KK ar fhorbróirí a bhfuil cónaí orthu sa tSeapáin.

(B) Forbróirí na Seapáine – Seachadadh Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha lasmuigh den tSeapáin

Má tá Do phríomhoifig nó Do cheanncheathrú lonnaithe sa tSeapáin agus má cheapann Tú Apple mar Do ghníomhaire nó mar Do choimisinéir chun na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha ag Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha atá lonnaithe lasmuigh den tSeapáin a mhargú agus a íoslódáil, aisiompóidh Tú aon cháin tomhaltais de chuid na Seapáine atá iníoctha ar na coimisiúin a fhaigheann Apple mar chomaoin as a sheirbhísí mar Do ghníomhaire nó mar Do choimisinéir faoi Sceideal 2 agus Sceideal 3.

6. AN CHÓIRÉ

Forbróirí na Cóiré – Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sa Chóiré

Más cónaitheoir sa Chóiré Thú agus má cheapann Tú Apple Distribution International Ltd. mar Do ghníomhaire nó mar choimisinéir chun Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sa Chóiré, is coinníoll de Sceideal 2 agus Sceideal 3 é go bhfuil Uimhir Chláraithe Gnó na Cóiré agat ("BRN") nó Uimhir Chláraithe le Seirbhís Cánach Náisiúnta na Cóiré (dá ngairtear "Aitheantas Cánach na Cóiré").

Ní mór duit Do chuntas a nuashonrú le D'Aitheantas Cánach de chuid na Cóiré faoi seach nuair a iarrtar é in App Store Connect. Admhaíonn Tú, trí gan D'Aitheantas Cánach de chuid na Cóiré faoi seach a sholáthar, go bhféadfar D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe nó Shaincheaptha a bhaint de Shiopa na Cóiré nó nach bhféadfar D'íocaíocht seoltáin faoi alt 3.5 de Sceideal 2 agus faoi alt 3.5 de Sceideal 3 a dhéanamh le haghaidh D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe nó Shaincheaptha is infheidhme go dtí go gcuirfear D'Aitheantas Cánach de chuid na Cóiré ar fáil.

Ar iarratas ó Apple Distribution International Ltd., cuirfidh tú fianaise shásúil ar fáil do Apple ar D'Aitheantas Cánach de chuid na Cóiré (m.sh., deimhniú clárúcháin gnó nó asphriontaó shuíomh gréasáin Cánach Baile Sheirbhís Cánach Náisiúnta na Cóiré). Ráthaíonn Tú go gcuirfidh Tú Apple ar an eolas má scoireann Tú de Aitheantas bailí Cánach de chuid na Cóiré a bheith Agat.

D'fhonn oibleagáidí Apple faoin dlí is infheidhme chun D'Aitheantas Cánach de chuid na Cóiré a bhailíochtú a chomhlíonadh, úsáidfidh Apple soláthraí seirbhíse chun an próiseas bailíochtaithe a chríochnú agus aistreoidh sé D'Aitheantas Cánach de chuid na Cóiré chuig ár soláthraí seirbhíse chun na críche sin. Déileálfar le haon sonra pearsanta a bhailíonn Apple de réir Bheartas Príobháideachais Apple ar féidir breathnú air ag <http://www.apple.com/legal/privacy>.

Mura soláthraíonn Tú Aitheantas Cánach bailí de chuid na Cóiré do Apple, forchoimeádan Apple an ceart CBL de chuid na Cóiré a ghearradh ar aon seirbhís a sholáthraítear Duit faoin gComhaontú seo.

7. AN MHALAEISIA

Forbróirí na Malaeisia – Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha laistigh nó lasmuigh den Mhalaeisia

Más chónaitheoir Tú sa Mhalaeisia agus má cheapann Tú Apple mar Do ghníomhaire nó mar Do choimisinéir chun Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sna dlínsí a shonraítear i bhFoilseán A, de bhun rialacháin chánach na Malaeisia, cuirfidh Apple Cáin Seirbhíse na Malaeisia i bhfeidhm ar an gcoimisiún is iníoctha Agat le Apple le baint as Do sheoltán.

8. MEICSICEO

Forbróirí Mheicsiceo – Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha laistigh nó lasmuigh de Mheicsiceo

Más chónaitheoir Tú i Meicsiceo, cuirfidh Apple CBL i bhfeidhm ar an gcoimisiún atá iníoctha Agat le Apple le baint as Do sheoltán, de bhun rialacháin chánach Mheicsiceo. Eiseoidh Apple an sonrasc comhfhreagrach don choimisiún sin.

Cuirfidh Apple an ráta cánach ioncaim siarchoinneálach is infheidhme maidir le daoine aonair ar sheoltáin le haghaidh díolacháin na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe agus Saincheaptha d'Úsáideoirí Deiridh agus do Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha atá lonnaithe i Meicsiceo nó lasmuigh de, de bhun rialacháin chánach Mheicsiceo. Asbhainfidh Apple méid iomlán na cánach ioncaim siarchoinneálach sin ón méid comhlán atá dlite Duit ag Apple agus íocfaidh sé an méid a choinnítear siar leis na húdaráis chánach inniúla i Meicsiceo.

Má tá Tú cláraithe agus má tá Aitheantas cánach bailí Agat i Meicsiceo (ar a dtugtar an R.F.C), ní mór Duit cóip de do chlárúchán Aitheantas cánach Mheicsiceo a sholáthar do Apple trína uaslódáil trí úsáid a bhaint as an uirlis App Store Connect. Tugann Tú barántas go gcuirfidh Tú Apple ar an eolas má scoireann Tú de Aitheantas cánach bailí a bheith agat. Mura soláthraíonn Tú cruthúnas do Apple ar D'Aitheantas cánach Mheicsiceo, cuirfidh Apple an ráta cánach ioncaim is airde i bhfeidhm de réir rialacháin chánach Mheicsiceo.

9. AN NUA-SHÉALAINN

9.1 Ginearálta

(a) Tá an bhrí chéanna ag na téarmaí a shainmhínítear san *Acht um Cháin Earraí agus Seirbhísí 1985* ("Acht GST 1985") nuair a úsáidtear iad in Alt 9 d'Fhoilseán C.

(b) Beidh Alt 9 den Fhoilseán C is infheidhme fiú tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

9.2 Seachadadh Feidhmchlár Ceadúnaithe agus Saincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh agus Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha laistigh den Nua-Shéalainn

Sa chás go n-ainmníonn Tú APL chun rochtain ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a cheadú d'Úsáideoirí Deiridh agus do Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sa Nua-Shéalainn tá feidhm leis an méid a leanas:

9.2.1 Ginearálta

(a) Déanfaidh tú APL neamhdhíobhálach a shlánú agus a shealbhú i gcoinne aon éilimh agus gach éileamh ag na Coimisinéirí Ioncaim Intíre ar neamhíoc nó ar ghearríocaíocht GST faoin Acht GST 1985 agus ar aon pionós agus/nó ús orthu.

(b) Baineann an tAlt 9.2 seo d'Fhoilseán C le soláthairtí a rinne Tú, trí APL mar ghníomhaire, le haon Úsáideoir Deiridh nó le haon Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha a bhfuil cónaí air sa Nua-Shéalainn.

(c) Comhaontaíonn Tú féin agus Apple gurb é APL oibreoir an mhargaidh leictreonaigh i leith soláthairtí a rinne Tú, trí APL mar ghníomhaire, le haon Úsáideoir Deiridh nó le haon Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha atá ina chónaí sa Nua-Shéalainn, agus go gcaitear leis mar sholáthraí na soláthairtí sin faoi a. 60C d'Acht GST 1985 chun críocha GST.

9.2.2 Forbróirí Cónaitheacha

(a) Má tá cónaí ort sa Nua-Shéalainn, aontaíonn Tú féin agus APL faoi a.60(1C) den Acht GST 1985 go soláthrófar seirbhísí a dhéanann Tú trí APL mar ghníomhaire d'Úsáideoir Deiridh nó do Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha ar bith déileálfar leo mar 2 sholáthar ar leith chun críocha GST, mar atá —

(i) soláthar seirbhísí Uait go APL; agus

(ii) soláthar na seirbhísí sin ó APL don Úsáideoir Deiridh nó don Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha a chónaíonn sa Nua-Shéalainn.

(b) Admhaíonn Tusa agus APL nach bhfuil soláthar seirbhísí uaitse chuig APL chun críocha GST de réir Alt 9.2.2(a)(i) den Fhoilseán C seo faoi réir GST faoin Acht GST 1985.

9.2.3 Forbróirí Neamhchónaitheacha

(a) Mura gcónaíonn Tú sa Nua-Shéalainn, comhaontaíonn Tú féin agus Apple faoi alt 60(1B) d'Acht GST 1985 go gcaitear le soláthairtí seirbhísí a dhéanann Tusa trí APL mar ghníomhaire d'aon Úsáideoir Deiridh nó d'aon Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha a chónaíonn sa Nua-Shéalainn mar 2 sholáthar ar leithligh chun críocha GST, arb iad –

(i) soláthar seirbhísí Uait go APL; agus

(ii) soláthar na seirbhísí sin ó APL don Úsáideoir Deiridh nó don Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha a chónaíonn sa Nua-Shéalainn.

(b) Admhaíonn tú féin agus APL nach bhfuil soláthar seirbhísí Uaitse chuig APL chun críocha GST faoi Alt 9.2.3(a)(i) den Fhoilseán C seo faoi réir GST faoi Acht GST 1985.

9.2.4 Eiseoidh APL chuig aon Úsáideoir Deiridh nó Custaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha, in ainm APL féin, na doiciméid riachtanacha le haghaidh na soláthairtí arna ndéanamh faoi Alt 9 de Fhoilseán C anseo.

9.2.5 Ní eiseoidh tú aon doiciméadú chuig aon Úsáideoir Deiridh nó Custaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha maidir le soláthairtí arna ndéanamh faoi Roinn 9.2 den Fhoilseán C seo.

9.3 Forbróirí Nua-Shéalainne - Seachadadh Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha lasmuigh den Nua-Shéalainne

Má tá Tú i do chónaí sa Nua-Shéalainn agus má cheapann Tú Apple mar Do ghníomhaire nó mar Do choimisinéir chun na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha ag Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha atá lonnaithe lasmuigh den Nua-Shéalainn a mhargú agus a íoslódáil, comhaontaíonn Tú féin agus Apple, faoi alt 60(1C) d'Acht GST 1985, go ndéileáiltear le soláthairtí seirbhísí a dhéanann Tú trí Apple mar ghníomhaire d'aon Úsáideoir Deiridh nó d'aon Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha lasmuigh den Nua-Shéalainn mar 2 sholáthar ar leithligh chun críocha GST faoin Acht GST 1985, is é sin –

(i) soláthar seirbhísí uait go Apple; agus

(ii) soláthar na seirbhísí sin ó Apple don Úsáideoir Deiridh nó don Chustaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha a chónaíonn lasmuigh den Nua-Shéalainn.

Admhaíonn Tú féin agus Apple nach mbeidh costas GST ar Apple faoi Acht GST 1985 mar thoradh ar an soláthar measta seirbhísí Uaitse chuig Apple faoi (i) thuas.

10. SINGEAPÓR

Forbróirí Shingepór – Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha laistigh nó lasmuigh de Shingepór

Má tá Tú i do chónaí i Singepór agus má cheapann Tú Apple mar do ghníomhaire nó mar Do choimisinéir chun Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a sheachadadh ar Úsáideoirí Deiridh agus ar Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sna dlínsí a shonraítear i bhFoilseán A, is coinníoll de Sceideal 2 agus Sceideal 3 é go ndeimhníonn Tú do Apple má tá Tú cláraithe le haghaidh GST Singepór. Má tá Tú cláraithe le haghaidh GST, ceanglaítear Ort D'uimhir chlárúcháin GST Shingepór a sholáthar arna iarraidh sin.

Mura bhfuil Tú cláraithe le haghaidh GST Shingeapór nó mura soláthraíonn Tú D'uimhir chlárúcháin GST Shingeapór do Apple, de bhun rialacháin chánach Shingeapór, cuirfidh Apple GST Shingeapór i bhfeidhm ar an gcoimisiún is infoctha Agat le Apple le baint as Do sheoltán.

11. AN TÉAVÁIN

Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh agus chuig Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha den Téaváin

Má chomhdaíonn Tú Cáin Ioncaim sa Téaváin agus má cheapann Tú Apple Distribution International Ltd. mar Do ghníomhaire nó mar choimisinéir chun Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a sheachadadh ar Úsáideoirí Deiridh agus ar Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sa Téaváin, is coinníoll de Sceideal 2 agus Sceideal 3 é go gcuireann tú D'uimhir ghnó aontaithe sa Téaváin ar fáil do Apple más gnó atá i gceist nó uimhir do chárta aitheantais phearsanta sa Téaváin thú más duine aonair Thú (ar a dtugtar "Aitheantas Cánach na Téaváine").

12. AN TÉALAINN

Forbróirí na Téalainn - Seachadadh Feidhmchlár Cheadúnaithe agus Saincheaptha chuig Úsáideoirí Deiridh agus Custaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sa Téalainn

Más cónaitheoir sa Téalainn Thú agus má cheapann Tú Apple mar Do ghníomhaire nó mar Do choimisinéir chun Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a sheachadadh ar Úsáideoirí Deiridh agus ar Chustaiméirí Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha sna dlínsí a shonraítear i bhFoilseán A, is coinníoll de Sceideal 2 agus Sceideal 3 é go ndeimhníonn Tú do Apple cibé an bhfuil Tú cláraithe le haghaidh CBL na Téalainne. Má tá Tú cláraithe le haghaidh CBL, ní mór Duit D'uimhir chlárúcháin CBL sa Téalainn a sholáthar ar iarratas.

Mura bhfuil Tú cláraithe le haghaidh CBL na Téalainne nó mura soláthraíonn Tú D'uimhir chlárúcháin CBL na Téalainne do Apple, de bhun rialacháin chánach na Téalainne, cuirfidh Apple CBL na Téalainne i bhfeidhm ar an gcoimisiún is infoctha Agat le Apple le baint as Do sheoltán maidir le do dhíolacháin le custaiméirí na Téalainne.

13. NA STÁIT AONTAITHE

Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh sna Stáit Aontaithe

Sa chás go n-ainmníonn Tú Apple Inc. chun rochtain ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a cheadú d'Úsáideoirí Deiridh sna Stáit Aontaithe:

13.1 Mura bhfuil Tú i do chónaí sna Stáit Aontaithe chun críocha cánach ioncaim chonaidhm na SA, comhlánóidh Tú Foirm Seirbhíse Inmheánach na gCoimisinéirí Ioncaim W-8BEN agus/nó aon fhoirmeacha cánach eile a theastaíonn agus cuirfidh tú cóip de na foirmeacha comhlánaithe sin ar fáil do Apple, agus aon fhaisnéis eile atá riachtanach chun reachtaíocht agus rialacháin chánach is infheidhme a chomhlíonadh, de réir mar a ordaítear ar shuíomh App Store Connect.

13.2 Má chinneann Apple, ina thuairim réasúnach, go bhféadfadh aon díolachán stáit nó áitiúil, úsáid nó cáin idirbheart comhchosúil a bheith dlite ó Apple nó Tusa maidir le díol nó seachadadh aon cheann de na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha, déanfaidh Apple cánacha den sórt sin a bhailiú agus a chur ar aghaidh chuig na húdaráis chánach inniúla. Sa mhéid gur Ortsa a thiteann minicíocht aon chánach den sórt sin,

nó aon fhreagracht as an gcáin sin a bhailiú, údaraíonn Tú do Apple gníomhú thar Do cheann agus an cháin sin a bhailiú agus a tharchur agat, ach a mhéid nach bhfuil aon cháin den sórt sin bailithe ag Apple, nó nach bhfuair sé aisíocaíocht ar an gcáin sin, ó Úsáideoirí Deiridh, is Tusa a bheidh faoi dhliteanas go príomha as an gcáin, agus aisíocfaidh Tú le Apple as aon íocaíocht cánach a cheanglaítear ar Apple a dhéanamh, ach nach bhfuil sé in ann a ghnóthú ar shlí eile.

13.3 Má thabhaíonn Tú dliteanas i leith cáin ioncaim, cánach saincheadúnais, cáin ghnó agus cheirde, nó aon chánacha comhchosúla bunaithe ar D'ioncam, Tú amháin a bheidh freagrach as an gcáin sin.

14. ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH SNA RÉIGIÚIN A LIOSTAÍTEAR I bhFOILSEÁN A, ALT 2

Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a Sheachadadh chuig Úsáideoirí Deiridh sna réigiúin a liostaítear i bhFoilseán A, Alt 2

Sa chás go n-ainmníonn Tú Apple Distribution International Ltd., atá lonnaithe ag Eastát Tionscail Chnoc an Chuilinn, Cnoc an Chuilinn, Corcaigh, Poblacht na hÉireann, chun rochtain a cheadú ar na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha ar Úsáideoirí Deiridh i bhFoilseán A, Alt 2:

Admhaíonn Tú sa chás go bhfuil Apple Distribution International Ltd. faoi réir aon díolachán, úsáid, earra agus seirbhís, breisluach, nó cáin nó tobhach eile maidir le haon tarchur Chugat, is ar Do chuntas amháin a bheidh méid iomlán na cánach nó an tobhaigh sin. Chun amhras a sheachaint, beidh aon sonrasc a eiseoidh Tú chuig Apple Distribution International Ltd. teoranta do mhéideanna atá dlite duit go deimhin, agus cuimsítear na méideanna sin aon bhreisluach nó cáin nó tobhach eile mar atá leagtha amach thuas. Déanfaidh Tú Apple a shlánú agus a choinneáil neamhdhíobhálach i gcoinne aon éilimh agus gach éileamh ó aon údaráis chánach inniúla as aon ghearríocaíocht ar aon díolachán, úsáid, earraí agus seirbhísí den sórt sin, breisluach, nó cáin nó tobhach eile, agus aon phionós agus/nó ús orthu.

FOILSEÁN D

Treoracha maidir leis na hIostearmaí a bhaineann le Comhaontú Ceadúnais Úsáideora Deiridh an Fhorbróra

- 1. Admháil:** Ní mór Duit féin agus don Úsáideoir Deiridh a admháil go bhfuil an EULA curtha i gcrích idir Tú féin agus an Úsáideoir Deiridh amháin, agus ní le Apple, agus gur Tusa amháin, ní Apple, atá freagrach go hiomlán as na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha agus a n-inneachar. Ní fhéadfaidh an EULA foráil a dhéanamh maidir le rialacha úsáide le haghaidh Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha atá ag teacht salach ar Théarmaí agus Coinníollacha Sheirbhísí Apple Media nó ar Théarmaí Inneachar Toirte amháin an Dáta Éifeachtach (a admhaíonn Tú go raibh deis Agat athbhreithniú a dhéanamh orthu).
- 2. Raon Feidhme an Cheadúnais:** Ní mór gach ceadúnas a dheonaítear don Úsáideoir Deiridh le haghaidh na bhFeidhmchlár Cheadúnaithe agus Saincheaptha a theorannú do cheadúnas neamh-inaistrithe chun an Feidhmchlár Cheadúnaithe nó Saincheaptha a úsáid ar aon Táirge ar den bhranda Apple é atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an Úsáideora Deiridh agus mar a cheadaítear leis na Rialacha Úsáide a leagtar amach i dTéarmaí agus Coinníollacha Sheirbhísí Apple Media, ach amháin gur féidir le cuntais eile a bhaineann leis an gceannaitheoir rochtain a fháil ar an bhFeidhmchlár Cheadúnaithe sin agus iad a úsáid trí Chomhroinnt Teaghlai, ceannach toirte, nó Teagmhálacha Oidhreacht. I dtaca le bogearraí ceadúnaithe áirithe amháin de chuid Apple, ní mór don EULA Custaiméir Dáileacháin Feidhmchlár Saincheaptha a údarú chun ceadúnas aonair amháin de D'Fheidhmchlár Shaincheaptha atá saor in aisce a dháileadh ar iliomad Úsáideoirí Deiridh.
- 3. Cothabháil agus Tacaíocht:** Ní mór Duitse amháin a bheith freagrach as aon tseirbhís cothabhála agus tacaíochta a sholáthar maidir leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha, mar a shonraítear san EULA, nó mar a cheanglaítear faoin dlí is infheidhme. Ní mór Duit féin agus don Úsáideoir Deiridh a admháil nach bhfuil aon oibleagáid ar bith ar Apple aon tseirbhís cothabhála agus tacaíochta a sholáthar maidir leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha.
- 4. Barántas:** Ní mór go mbeadh an fhreagracht aonair Ortsa as aon bharántaí táirgí, cibé acu go sainráite nó intuigthe de réir dlí, a mhéid is nach bhfuil tú a leithéid séanta go héifeachtach. Ní mór don EULA a foráil, I gcás aon mhainneachtain ag na Feidhmchláir Cheadúnaithe nó Shaincheaptha aon bharántas is infheidhme a chomhlíonadh, go bhféadfaidh an tÚsáideoir Deiridh fógra a thabhairt do Apple, agus aisíocfaidh Apple an praghas ceannaigh don Fheidhmchlár sin leis an Úsáideoir Deiridh sin; agus, a mhéid is mó a cheadaítear leis an dlí is infheidhme, nach mbeidh aon oibleagáid bharántais ar bith eile ar Apple maidir leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha, agus is Ortsa amháin a bheidh an fhreagracht maidir le haon éileamh, cailteanas, dlíteanas, damáiste, costas nó caiteachas eile is inchurtha i leith aon mhainneachtain aon bharántas a chomhlíonadh.
- 5. Éilimh Táirge:** Ní mór Duit féin agus don Úsáideoir Deiridh a admháil go bhfuil Tusa amháin, ní Apple, freagrach as aghaidh a thabhairt ar aon éileamh de chuid an Úsáideora Deiridh nó aon tríú páirtí a bhaineann leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha nó a bhaineann le seilbh agus/nó úsáid an Úsáideora Deiridh as na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do: (i) éilimh ar dhlíteanas táirge; (ii) aon éileamh nach gcomhlíonann an Feidhmchlár Cheadúnaithe nó Saincheaptha aon cheanglas dlíthiúil nó rialála is infheidhme; agus (iii) éilimh a eascraíonn faoi chosaint tomhaltóirí, phríobháideachais nó reachtaíocht chomhchosúil, lena n-áirítear i dtaca le húsáid D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe as Creaí HealthKit agus HomeKit. Ní féidir leis an EULA Do dhlíteanas a theorannú don Úsáideoir Deiridh thar an méid a cheadaítear leis an dlí is infheidhme.
- 6. Cearta Maoine Intleachtúla:** Ní mór Duit féin agus don Úsáideoir Deiridh a admháil, i gcás aon éileamh tríú páirtí go sáraíonn an Feidhmchlár Cheadúnaithe nó Saincheaptha nó seilbh agus úsáid an Úsáideora Deiridh ar an bhFeidhmchlár Cheadúnaithe nó Saincheaptha cearta maoine intleachtúla an tríú páirtí sin, is Tusa amháin, ní Apple, a bheidh freagrach as aon éileamh sáraithe maoine intleachtúla den sórt sin a imscrúdú, a chosaint, a shocrú agus a urscaoileadh.

7. Comhlíonadh Dí: Ní mór don Úsáideoir Deiridh ionadaíocht a dhéanamh agus barántas a thabhairt ar an méid a leanas (i) nach bhfuil an t-úsáideoir deiridh suite i réigiún atá faoi réir trádbhac de chuid Rialtas na Stát Aontaithe, nó atá ainmnithe ag Rialtas na Stát Aontaithe mar réigiún "tacaíochta sceimhlitheoireachta"; agus (ii) nach bhfuil an t-úsáideoir deiridh liostaithe ar aon liosta de pháirtithe toirmiscthe nó srianta de chuid Rialtas na Stát Aontaithe.

8. Ainm agus Seoladh an Fhorbróra: Ní mór duit D'ainm agus Do sheoladh a lua san EULA, agus an fhaisnéis teagmhála (uimhir theileafóin; seoladh ríomhphoist) ar cheart aon cheist, gearán nó éileamh Úsáideora Deiridh maidir leis na Feidhmchláir Cheadúnaithe agus Shaincheaptha a chur air.

9. Téarmaí Comhaontaithe Tríú Páirtí: Ní mór Duit a lua san EULA nach mór don Úsáideoir Deiridh téarmaí comhaontaithe tríú páirtí is infheidhme a chomhlíonadh agus D'Fheidhmchlár á úsáid aige, m.sh., má tá feidhmchlár VoIP agat, ansin ní mór nach mbeidh aon sárú á dhéanamh ag an Úsáideoir Deiridh ar a chomhaontú seirbhíse sonraí gan sreang agus D'Fheidhmchlár á úsáid aige.

10. Tairbhí Tríú Páirtí: Ní mór Duit féin agus don Úsáideoir Deiridh a admháil agus a chomhaontú gur tairbhíthe tríú páirtí de chuid EULA iad Apple, agus, ar ghlacadh leis an Úsáideoir Deiridh le téarmaí agus coinníollacha EULA, go mbeidh sé de cheart ag Apple (agus go measfar gur ghlac sé leis an gceart) an EULA a fhorfheidhmiú i gcoinne an Úsáideora Deiridh mar thairbhí tríú páirtí de.

FOILSEÁN E

Téarmaí Breise App Store

1. Infhionntacht ar an App Store: Braitheann infhionntacht d'Fheidhmchlár Ceadúnaithe san App Store ar roinnt fachtóirí, agus níl aon oibleagáid ar Apple d'Fheidhmchlár Ceadúnaithe a thaispeáint, a léiriú nó a rangú ar aon bhealach ar leith nó in aon ord ar leith san App Store.

(a) Is iad na príomhpharaiméadair a úsáidtear le haghaidh rangú feidhmchlár agus infhionntachta ná ábharthacht téacs, amhail teideal cruinn a úsáid, eochairfhocail/meiteashonraí ábhartha a chur leis, agus catagóirí tuairisciúla a roghnú san Fheidhmchlár Ceadúnaithe; iompar custaiméirí a bhaineann le líon agus cáilíocht na rátálacha agus na n-athbhreithnithe agus íoslódálacha feidhmchláir; féadfar dáta seolta san App Store a mheas freisin le haghaidh cuardaigh ábhartha; agus cibé ar sháraigh Tú aon rial a d'fhógair Apple. Seachadann na príomhpharaiméadair seo na torthaí is ábhartha ar cheisteanna cuardaigh custaiméara.

(b) Agus muid ag smaoineamh ar fheidhmchláir a bheith le feiceáil san App Store, féachann ár n-eagarthóirí ar fheidhmchláir atá ar ardchaighdeán ar fud gach catagóire, le fócas ar leith ar fheidhmchláir nua agus ar fheidhmchláir a bhfuil nuashonruithe suntasacha déanta orthu. Is iad na príomhpharaiméadair a mheasann ár n-eagarthóirí dearadh comhéadain úsáideora, eispéireas úsáideora, nuálaíocht agus uathúlacht, logánuithe, inrochtaineacht, seatanna scáileáin de leathanach táirgí App Store, réamhamhairc feidhmchláir, agus tuairiscí; agus freisin le haghaidh cluichí, grafaicí agus feidhmíocht, fuaim, scéal agus doimhneacht scéil, cumas chun é a athmírt, agus rialuithe cluiche. Tugann na príomhpharaiméadair seo léargas ar fheidhmchláir atá ar ardchaighdeán, dea-dheartha agus nuálach.

(c) Má úsáideann Tú seirbhís Apple chun D'fheidhmchlár a chur chun cinn ar bhealach a n-íoctar as ar an App Store, féadfar D'fheidhmchlár a chur i láthair i socrúchán promóisin agus é a bheith ainmnithe mar ábhar fógraíochta.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi infhionntacht feidhmchláir, féach ar <https://developer.apple.com/app-store/discoverability/>.

2. Rochtain ar Shonraí App Store

Is féidir leat sonraí a bhaineann le feidhmíocht airgeadais d'Fheidhmchláir Cheadúnaithe a rochtain agus eolas maidir le rannpháirtíocht úsáideora freisin in Anailísíocht, Díolacháin agus Treochtaí, agus Íocaíochtaí agus Tuarascálacha Airgeadais Feidhmchláir. Go sonrach, is féidir Leat torthaí airgeadais ar fad d'Fheidhmchláir Cheadúnaithe le haghaidh díolachán feidhmchlár agus ceannachán ionaípe aonair (lena n-áirítear síntiúis) a fháil in Díolacháin agus Treochtaí nó na sonraí a íoslódáil ó Thuarascálacha Airgeadais; agus is féidir Leat amharc ar Anailísíocht Feidhmchláir do sonraí inaitheanta neamhphearsanta a cheadaíonn Duit teacht ar thuiscint ar conas a idirghníomhaíonn tomhaltóirí le d'Fheidhmchláir Cheadúnaithe. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag <https://developer.apple.com/app-store/measuring-app-performance/>. Ní sholáthraítear sonraí App Analytics ach le toiliú ár gcustaiméirí. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach <https://developer.apple.com/app-store-connect/analytics/>. Ní sholáthraíonn Apple rochtain Duit ar sonraí pearsanta nó ar sonraí eile a soláthraíodh nó a gineadh trí úsáid á baint ag forbróirí eile as an App Store; ná ní sholáthraíonn Apple rochtain d'fhorbróirí eile ar sonraí pearsanta nó ar sonraí eile a soláthraíodh nó a gineadh tríd an úsáid a bhaineann Tú as an App Store. Bheadh a leithéid de chomhroinnt sonraí i gcoinbhleacht le Beartas Príobháideachais Apple, agus le hionchais ár gcustaiméirí maidir le conas a chaitheann Apple lena sonraí. Is féidir leat iarracht a dhéanamh faisnéis a bhailiú ó chustaiméirí go díreach, fad is go bhfuil an fhaisnéis á bailiú ar bhealach dleathach, agus go leanann Tú Treoirínte Athbhreithnithe Feidhmchláir.

Láimhseálann Apple faisnéis phearsanta agus neamhphearsanta sa tslí atá mínithe i mBeartas Príobháideachais Apple. Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi rochtain agus cleachtais Apple maidir le sonraí forbróra agus custaiméirí in "App Store & Privacy," atá inrochtana ag <https://www.apple.com/legal/privacy/data/en/app-store>. Féadfaidh Apple roinnt faisnéise neamhphearsanta a chur ar fáil do chomhpháirtithe straitéiseacha a oibríonn le Apple chun a tháirgí agus seirbhísí a chur ar fáil, cabhrú le Apple straitéisí margáiochta dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt agus fógraí a dhíol thar ceann Apple a bheidh le taispeáint san App Store agus ar Apple News and Stocks. Tá oibleagáid ar a leithéid de chomhpháirtithe an fhaisnéis sin a chosaint agus d'fhéadfadh sí a bheith lonnaithe áit ar bith a bhfuil Apple i bhfeidhm.

3. Roghanna cúitimh de bhun rialacháin P2B agus DSA

Maidir le Forbróirí atá bunaithe san Aontas Eorpach agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá suite san Aontas Eorpach agus atá faoi réir Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha nó DSA), tá tuilleadh faisnéise faoi roghanna cúitimh ar fáil Duit maidir le gníomh a rinne Apple i Do choinne, mar shampla Do chuntas forbróra a fhoirceannadh nó D'fheidhmchlár a bhaint den App Store, ar fáil anseo: apple.com/legal/dsa/ie/redress-options.

Féadfaidh forbróirí atá bunaithe i réigiún agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá suite i réigiún atá faoi réir rialacháin um ardán go gnó ("Rialachán P2B"), amhail an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó seirbhísí idirghabhála ar líne, gearáin a chur isteach de bhun Rialachán P2B den chineál sin a bhaineann leis na saincheisteanna seo a leanas ag <https://developer.apple.com/contact/p2b/>: (a) Neamhchomhlíonadh líomhnaithe Apple maidir le haon oibleagáidí atá leagtha amach i Rialachán P2B a théann i bhfeidhm ort sa réigiún ina bhfuil tú bunaithe; (b) saincheist teicneolaíochta a théann i bhfeidhm Ort agus a bhaineann go díreach le dáileadh D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe san App Store sa réigiún ina bhfuil tú bunaithe; nó (c) bearta a dhéanann Apple nó iompar Apple a théann i bhfeidhm Ort agus a bhaineann go díreach le dáileadh D'Fheidhmchláir Cheadúnaithe san App Store sa réigiún ina bhfuil tú bunaithe. Breithneoidh agus próiseálfaidh Apple a leithéid de ghearáin agus comhroinnfear an toradh Leat.

Maidir le Forbróirí atá bunaithe san Aontas Eorpach agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá suite san Aontas Eorpach, aithníonn Apple an painéal idirghabhálaithe seo a leanas a bhfuil Apple toilteanach dul i ngleic leo chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú le forbróirí atá bunaithe san Aontas Eorpach, agus a thairgeann earraí nó seirbhísí do chustaiméirí atá suite san Aontas Eorpach maidir le réiteach, lasmuigh den chúirt, ar aon díospóid idir Apple agus Tusa a eascraíonn maidir le soláthar na seirbhísí App Store lena mbaineann, lena n-áirítear gearáin nach bhféadfaí a réiteach trinár gcóras láimhseála gearán:

An tIonad um Réiteach Díospóidí Éifeachtach
Painéal Idirghabhálaithe P2B
70 Fleet Street
Londain
EC4Y 1EU
An Ríocht Aontaithe
<https://www.cedr.com/p2bmediation/>